Fón: 8902799

Faics: 8700044

U.R. 20095C

Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath.

Scoil Idirchreidmheach

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie

Ríomhphost: oifig@gsbb.ie

Polasaí Iontrála

Réamhrá

Bunaíodh Gaelscoil Bhrian Bóroimhe i *Sord* sa bhliain 1999 mar bhunscoil *lán-Ghaeilge idirchreidmheach* do *bhuachaillí* agus *cailíní*.

Braitheann Gaelscoil Bhrian Bóroimhe ar dheontais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus feidhmíonn an scoil de réir *rialacha* do na Scoileanna Náisiúnta a leagan an tAire Oideachais is Eolaíochta síos. *Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo.* atá mar phátrún ag an scoil.

Is mian leis an scoil *oideachas lán-Ghaeilge den scoth* a sholáthar do dhaltaí na scoile, ina mbíonn an *páiste lárnach* agus á fhorbairt mar dhuine iomlán. Tugtar aitheantas faoi leith don *pháiste aonar* agus tabharfar *cothrom na Féinne* do gach páiste i gcónaí. Cothaítear féinmheas maraon le meas ar dhaoine is ar chultúr eile i gcónaí.

Cuirtear béim faoi leith ar an g*cultúr Gaelach* i gcoitinne mar chultúr beo beathaíoch agus spreagtar na daltaí chun é seo a thabhairt leo agus a leathnú ina saoil fhéin. Tugtar tús áite do chluichí, ceol is rince Gaelach.

Is í *an Ghaeilge* céad teanga na scoile agus bítear ag súil go labhródh gach duine -daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí, cuairteoirí í i dtimpeallacht agus in imeachtaí na scoile. Cuirtear fáilte roimh chlanna a dteastaíonn uathu a bpáistí a thógaint le Gaeilge agus go speisialta rompu siúd atá á dtógaint le Gaeilge.

Cloíann an scoil le polasaí an luaththumoideachas sa Ghaeilge, agus ar mhaithe le tús maith a thabhairt do pháistí i sealbhú na teanga, ní dhéantar Béarla a mhúineadh go dtí go mbíonn an páiste sa dara théarma i naíonáin shinsearacha. Déantar é seo lena chinntiú go bhfuil dóthain Gaeilge ag na páistí le bheith ag foghlaim trí mheán na Gaeilge.

Feidhmíonn an *Bord Bainistíochta* trí mheán na Gaeilge. Déantar gach cumarsáid sa scoil as Gaeilge . Tugtar leagan dá-theangach sa chás go bhfuil gá leis ach tugtar tús áite don Ghaeilge i gcónaí(fógraíocht, litreacha, nótaí, srl.)

Aithníonn Gaelscoil Bhrian Bóroimhe *éagsúlacht* chultúr, cine, reiligiúin is indibhidiúlacht an duine. Ní chuirtear aon chosc ar aon pháiste ar ionad sa scoil ar aon cheann de na héagsulachtaí sin. Tugtar aitheantas faoi leith don sprid Críostaí. Cothaítear comhsprid Chaitliceach/Protastúnach i nGaelscoil Bhrian Bóroimhe.(Cóip de shainmhíniú an phátrúin leis seo)

Tugann Gaelscoil Bhrian Bóroimhe aitheantas don ról tábhachtach atá ag na *Páirtnéirí* san oideachas agus cothaíonn sí dea chumarsáid i gcónaí idir thuismitheoirí, mhúinteoirí, daltaí agus pobal na scoile i gcoitinne.
Déantar gnó na scoile go proifisiúnta ciallmhar, bunaithe ar na rialacha atá leagtha síos agus ar na cleachtais is fearr. Déantar é ar son *leas na bpáistí* i gcónaí.

Osclaíonn an scoil ar 8.50 r.n. agus *dúnann* sí ar 1.30i.n. do ranganna naíonáin agus ar 2.30i.n. do rang 1-6.

Culaith reatha gorm le t-léine ór/buí atá mar *éide scoile* ag na naíonáin. Is féidir é a fháil tríd an scoil. Caithfear an éide scoile a chaitheamh le linn am scoile agus le linn imeachtaí scoile. Caithfear bróga le sáilí nach bhfágann rian ar urlár a chaitheamh. Níl *seodra* ceadaithe do pháistí ar scoil mar go bhfuil sé contúirteach nuair a bhíonn na paistí ag rith timpeall nó ag imirt cluichí. An t-aon eisceacht sa chás seo ná aon stod cluaise amháin sa chluas.

Bíonn dhá shos ag na páistí agus is ceart go mbeadh lón acu don dá shos sin. Is polasaí na scoile é go mbíonn *lón folláin* ag na páistí. Ní cheadaítear deochanna sioscarnacha, brioscáin, milseáin ná guma coganta ar scoil. Níl buidéil ghloine ceadaithe ar scoil ach oiread.

Iarratas ar ionad do pháiste sa scoil

Glactar le h-iarratais ar fhoirm iarratais oifigiúil na scoile amháin. Is féidir í seo a fháil tríd an scoil nó ar shuíomh idirlín na scoile www.gsbb.ie .

Caithfidh páistí bheith ceithre bliana d'aois roimh an chéad lá Aibreán sa bhliain chéanna ina mbeidh siad ag súil le tosnú ar scoil don chéad uair le bheith curtha san áireamh.

Is é Bord Bainistíochta na scoile a dhéanann an cinneadh mar gheall ar iontráil sa scoil.

Cuirtear an t-eolas i scríbhinn/ríomhphost Mí Eanáir/Feabhra na bliana ina mbíonn páiste ag súil le tosnú má tá nó muna bhfuil spás sa scoil do pháiste. Sa chás go líontar spásanna roimh ré, cuirtear ainmneacha páistí ar liosta feithimh.

Lorgaíonn an scoil eolas faoi leith mar gheall ar dhaltaí nuair a thugtar áit sa scoil dóibh. Tá cóip den fhoirm eolais ar fáil más gá.

30 atá mar threoiruimhir d'úsmhéid na ndaltaí in aon rang amháin.

Glactar le daltaí ó Ghaelscoileanna eile nó a thógtar le Gaeilge i rang ar bith sa scoil más ann do spás dóibh.

Critéir chun iarratais a mheas

Deartháir nó deirfiúr pháiste atá ag freastal ar Ghaelscoil Bhrian Bóroimhe.

Deartháir nó deirfiúr pháiste a chríochnaigh a c(h)uid bunscolaíochta i nGaelscoil Bhrian Bóroimhe

Páistí de réir mar a thagann na h-iarratais isteach ar fhoirm oifigiúil na scoile.

Cuirtear fáilte roimh pháistí le riachtanais speisialta.

Cód iompair
Tá cóip den Chód Iompair ar fáil leis seo más gá.

**Aon tuismitheoir nach bhfuil sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta i leith iontrála, is féidir leo achomharc a lorg ón Roinn Oideachais & Eolaíochta laistigh de 42 lá ón dáta a gcuirtear an cinneadh in iúl dóibh.*

Síniú: Nóra Ní Loingsigh **Dáta:** 19/10/15

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta